*Cosantóir:* Dyrektor Izby Administracji Skarbowej w Lublinie

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcaithfear Airteagal 203 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ([1]) a léirmhíniú sa chiall gur i gcás inar eisigh fostaí de chuid duine inchánach chun críocha CBL sonrasc CBL calaoiseach, inar luaigh sé sonraí an fhostóra mar dhuine inchánach, gan a eolas ná a thoiliú, go measfar gurb é an duine a chuireann CBL ar an sonrasc agus atá faoi dhliteanas an CBL a íoc mar sin:

— an duine inchánach chun críocha CBL ar úsáideadh a chuid sonraí go neamhdhleathach i dtéacs an tsonraisc, nó

— an fostaí a d'iontráil CBL go neamhdhleathach ar shonrasc ag baint úsáid as sonraí an duine inchánaigh?

2) Maidir leis an gceist cé atá le meas, de réir bhrí Airteagal 203 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle, mar dhuine a chuireann CBL ar an sonrasc agus atá faoi dhliteanas an CBL a íoc mar sin sna himthosca dá dtagraítear sa chéad cheist, an bhféadfar a chur i leith duine inchánach chun críocha CBL a fhostaíonn fostaí atá tar éis sonraí an duine inchánaigh a fhostaíonn é a iontráil go neamhdhleathach ar an sonrasc CBL, nár fheidhmigh sé dícheall cuí maidir le maoirseacht a dhéanamh ar an bhfostaí?

([1]) IO 2006, L 347, lch. 1.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Raad van State (an Ísiltír) arna taisceadh an 7 Iúil 2022 — RTL Nederland BV, RTL Nieuws BV; Páirtí eile: Minister van Infrastructuur en Waterstaat**

**(Cás C-451/22)**

(2022/C 380/06)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Raad van State

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* RTL Nederland BV, RTL Nieuws BV

*Páirtí eile:* Minister van Infrastructuur en Waterstaat

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) Cad ba cheart a thuiscint le sonraí maidir le "tarluithe" agus "rúndacht iomchuí" de réir bhrí Airteagal 15(1) de Rialachán Uimh. 376/2014 ([1]) agus i bhfianaise an chirt chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a chumhdaítear in Airteagal 11 den Chairt agus in Airteagal 10 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine?

2) I bhfianaise an chirt chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a chumhdaítear in Airteagal 11 den Chairt agus in Airteagal 10 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, an gá Airteagal 15(1) de Rialachán Uimh. 376/2014 a léirmhíniú sa chiall go bhfuil sé ag luí le riail náisiúnta, amhail an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí, ar dá réir nach féidir aon fhaisnéis a fhaightear ó tharluithe tuairiscithe a nochtadh?

3) I gcás freagra diúltach ar an dara ceist, an gceadaítear don údarás inniúil náisiúnta riail ghinearálta náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir le nochtadh, ar dá réir nach nochtfar faisnéis dá mbeadh na leasanna a bhaineann, mar shampla, leis an gcaidreamh le Stáit eile agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le cigireacht, rialú agus maoirseacht ag údaráis riaracháin, le meas ar phríobháideachas agus le cosc a chur ar bhuntáistí agus míbhuntáistí díréireacha do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha níos tábhachtaí ná an nochtadh sin?

4) Agus riail ghinearálta náisiúnta maidir le nochtadh á chur i bhfeidhm, an ndéanann sé aon difríocht más faisnéis atá sa bhunachar sonraí náisiúnta nó faisnéis atá i ndoiciméid eile, amhail doiciméid bheartais, atá i gceist?

---

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (IO 2014 L 122, lch. 18).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ó Oberlandesgericht München (an Ghearmáin) arna taisceadh an 12 Iúil 2022 — DP v BMW Bank GmbH

**(Cás C-463/22)**

(2022/C 380/07)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Oberlandesgericht München

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* DP

*Cosantóir:* BMW Bank GmbH

### Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An bhfuil cianchonradh ann de réir bhrí Airteagal 2(a) de Threoir 2002/65/CE ([1]) agus Airteagal 2(7) de Threoir 2011/83/AE ([2]) freisin i gcás, le linn na gcaibidlíochtaí conarthacha nach raibh teagmháil phearsanta ann ach amháin le hidirghabhálaí creidmheasa a thionscnaíonn idirbhearta le tomhaltóirí, ar son agus thar ceann an trádálaí, ach nach bhfuil aon chumhacht ionadaíochta aige féin na conarthaí i gceist a thabhairt i gcrích?

2. An bhfuil conradh seacháitribh ann de réir bhrí Airteagal 2(8) agus (9) de Threoir 2011/83 i gcás ina dtarlaíonn caibidlíochtaí conartha ar áitreabh idirghabhálaí creidmheasa a thionscnaíonn idirbhearta le tomhaltóirí, ar son agus thar ceann an trádálaí, ach nach bhfuil aon chumhacht ionadaíochta aige féin chun na conarthaí i dtrácht a thabhairt i gcrích?

3. An ionann conarthaí léasaithe mótarfheithiclí ar bhonn míleáiste a thugtar i gcrích le tomhaltóir agus conarthaí le haghaidh seirbhísí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(b) de Threoir 2002/65, a atáirgtear freisin in Airteagal 2(12) de Threoir 2011/83?

---

([1]) Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2002 maidir le cianmhargú seirbhísí airgeadais tomhaltóirí agus lena leasaítear Treoir 90/619/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE agus Treoir 98/27/CE (IO 2002 L 271, lch. 16).

([2]) Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2011 L 304, lch. 64).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesverwaltungsgericht (an Ghearmáin) a taisceadh an 20 Iúil 2022 – Poblacht Chónaidhme na Gearmáine v GS, arna ionadú ag na tuismitheoirí

**(Cás C-484/22)**

(2022/C 380/08)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Bundesverwaltungsgericht